

gael scoil na gcloch Liath



Na Clocha Liatha
Co. Chill Mhantáin
Uimh. Rolla 20301C
Idirlíon: www.gscl.ie

Fón: (01) 2010718
Fón Póca: 086 8817632
Uimh. Charthanachta: 20204613
R-Phost: oifig@gscl.ie

Cód Iompair na Scoile

CLÁR

1. Réamhrá *Introduction*
2. Aidhmeanna *Aims*
3. Treoirínte maidir le hiompar sa scoil – rialacha scoile
Guidelines regarding school behavior – school rules
4. Straitéisí chun dea-iompar a spreagadh agus a chur chun cinn
Strategies for the encouragement and promotion of good behaviour
5. Iompar mí-chuí *Inappropriate behaviour*
6. Smachtbhannaí *Sanctions*
7. Fionraí agus díbirt *Suspension and expulsion*
8. Daltaí le riachtanais speisialta oideachais *Pupils with special educational needs*
9. Cumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí *Communication with parents/guardians*
10. Tagairt do pholasaithe scoile eile *Reference to other school policies*
11. Athbhreithniú agus Faomhadh *Review and Approval*

Réamh Ráiteas

Cuireadh an polasaí seo le chéile tar éis comhairliúcháin a dhéanamh le Foireann na Scoile, an Bhord Bainistíochta agus Coiste na dTuismitheoirí tar éis plé a dhéanamh ar an ábhar.

This policy was written after consultation with the school staff, the Board of Management and the Parents' Association after discussion of the subject.

Nóta: Tuigtear go gciallaíonn an téarma “tuismitheoirí” sa pholasaí seo tuismitheoirí agus caomhnóirí.

Note: The term “Parents” in this policy refers to both parents and guardians.

Má tá difear idir a bhfuil scríofa as Gaeilge agus as Béarla sa pholasaí seo, glactar leis an leagan Gaeilge mar an leagan cruinn, agus go bhfuil an leagan Béarla curtha ar fáil mar aistriúchán.

Should there be a discrepancy between the Irish and English in this policy, it is accepted that the Irish is the correct version, and the English is provided as a translation.

1. Réamhrá

Braitheann dea-iompar ar chaidrimh mhaithe idir tuismitheoirí/chaomhnóirí, an páiste agus an scoil.

Anseo i nGaelscoil na gCloch Liath teastaíonn uainn an mana seo a chur chun cinn i gcomhpháirt le tuismitheoirí/caomhnóirí uile na scoile. Tá glactha againn le cód iompair atá dearfach le béim faoi leith ar spreagadh agus ar mholadh ionas go mbeidh dea-iompar faoi bhláth sa scoil againne.

Titeann freagracht as iompar sa scoil ar an mBord Bainistíochta. Laistigh den scoil, titeann an fhreagracht laethúil ina leith ar an bpríomhoide. Tá dualgas ar gach múinteoir maidir le hiompar agus dea-ord laistigh dá rang féin agus freagracht ghinearálta orthu maidir le dea-iompar ar fud na scoile.

Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí tacaíocht a thabhairt don scoil trí thuiscint a spreagadh ina bpáistí féin maidir le tábhacht rialacha scoile, agus trína mbuairteanna tráthúla a chur in iúl don scoil ar bhealach oiriúnach agus córasach.

1. Introduction

Good behavior is dependant upon good relations between parents/guardians, the child, and the school.

Here in Gaelscoil na gCloch Liath we want to promote this motto in partnership with all our parents/guardians. We have accepted a code of behavior that is positive in tone with a particular emphasis on encouragement and praise so that good behavior may flourish in our school.

The responsibility for behaviour lies with the Board of Management. Within the school, the daily responsibility for behaviour lies with the principal. Each teacher has a duty in relation to behaviour and good order within their class and a general responsibility regarding good behaviour throughout the school.

Parents/guardians can support the school by encouraging an understanding in their own children of the importance of school rules, and by informing the school of their current concerns in an appropriate and systematic manner.

Réasúnaíocht

Is riachtanas é faoi chiorclán 20/90 na Roinne Oideachais agus Eolaíochta maidir le Disciplín Scoile agus faoin Acht Leasa Oideachais 2000. Cuirimís comhionannas deise chun cinn agus toirmiscimid idirdhealú, ciapadh agus ciapadh gnéasach ar na naoi bhforas seo:

• inscne	• stádas pósta	• stádas teaghlaigh
• claonadh gnéis	• creideamh	• aois
• míchumas	• cine	• bheith i do bhall den Lucht Siúil

Éilítear cóiríocht réasúnta do dhaoine faoi mhíchumas.

Reasoning

It is a requirement under DES Circular 20/90 on School Discipline and the Education Welfare Act 2000. We promote equality of opportunity and prohibit discrimination, harassment and sexual harassment on these nine grounds:

• gender	• marital status	• family status
• sexual orientation	• religion	• age
• disability	• race	• membership of the Traveller Community

Reasonable accommodation is required for people with disabilities.

An Gaol le Spioraid Tréitheach na Scoile

Tá sé tábhachtach dúinn sa phobal scoile go mbeadh luachanna idirchreidmheacha agus morálacha na scoile le feiceáil sa Chód Iompair. Ba mhaith linn go gcothóidh an Cód timpeallacht shocair a chothóidh mianach na ndaltaí go léir i gcómhthéacs comhoibriú idir an fhoireann, tuismitheoirí agus daltaí.

The Relationship with the Characteristic Ethos of the School

It is important to us in our school community that our interdenominational and moral values be reflected in the Code of Behaviour. We want, through the Code, to create a harmonious environment which will help to nurture the potential of all of our pupil's with co-operation between staff, parents and pupils.

2. Aidhmeanna

Is iad aidhmeanna an pholasáí seo ná:

- Timpeallacht fhoghlama dearfach a chruthú a spreagann agus a dhaingíonn dea-iompar
- Féin-mhuinín agus caidrimh dhearfacha a chothú
- Cothromaíocht agus comhleanúnachas a chinntiú san fhreagairt do dhea-iompar agus do dhroch-iompar
- Freagracht phearsanta agus féin-smacht a chothú i measc na ndaltaí agus tacú le dea-iompar bunaithe ar mheas agus ar thuiscint ar a chéile
- Cur le hoideachas agus le forbairt gach dalta sa scoil
- Meonta cúraim i leith a chéile agus na timpeallachta a spreagadh agus a chothú
- Deis a sholáthar do mhúinteoirí múineadh agus do dhaltaí foghlaim gan cur isteach
- Cinntiú go bhfuil ionchais agus straitéisí na scoile ar eolas go forleathan agus sothuigte i leabhrán na dtuismitheoirí, trí sholáthar polasaithe agus trí shainmheon na cumarsáide
- Comhpháirtíocht idir an baile agus an scoil a spreagadh le cur i bhfeidhm an pholasáí seo

2. Aims

The aims of this policy are to;

- *Foster a positive learning environment that encourages and confirms good behaviour*
- *Foster self-confidence and positive relations*

- *Ensure equality and continuity in the reaction to good behaviour and to bad behaviour*
- *Foster personal responsibility and self control among the pupils and support good behaviour that is based on respect and understanding*
- *Contribute to the education and development of every pupil in the school*
- *Encourage and foster attitudes of care towards each other and the environment*
- *Provide the opportunities for teachers to teach, and pupils to learn, without interference*
- *Ensure that the school's expectations and strategies are widely known and comprehensible in the parents information booklet, through the provision of policies, and through the ethos of communication*
- *Encourage partnership between home and school through the implementation of this policy*

3. Treoirínite Maidir Le hIompar Sa Scoil – Rialacha Scoile

Rialacha scoile ginearálta

- *Is í an Ghaeilge teanga cumarsáide, teanga caidrimh idirphearsanta agus teanga teagaisc na scoile, seachas le linn ceachtanna Béarla*
- *Bíonn meas againn orainn féin agus ar a chéile*
- *Bíimid cineálta agus ag iarraidh cabhrú lena chéile*
- *Léirímid cuirtéis agus dea-bhéasa agus bímis ionraic i gcónaí*
- *Léirímid meas ar ár maoin féin agus ar mhaoin dhaoine eile*
- *Léirímid meas ar dhaltaí eile agus ar a bhfoghlaim*
- *Leanaimid treoracha ó bhaill foirne láithreach*
- *Siúlaimid go ciúin san fhoirgneamh*
- *Úsáidimid bealaí urramacha chun deacrachtaí agus coimhlintí a réiteach*
- *Iarraimid cead chun an seomra/grúpa/clós/scoil a fhágáil*
- *Déanaimid ár ndícheall i gcónaí*
- *Caithimid an éide scoile ceart le bród*
- *Tógfimid ár ndeoch linn ar scoil i mbuidéal plaisteach. Ní thabharfaimid buidéal gloine ar scoil. Ní thabharfaimid aon uirlis ar scoil nach bhfuil feiliúnach do shuíomh bunscoile.*
- *Tá cead gnáth-uaireadóir a thaispeánann an t-am a chaitheamh (féach an Polasaí Fón Póca & Gléas Cliste maidir le rialacha faoin uaireadóir cliste). Tá cead againn fáinne cluasa studa amháin a chaitheamh sna cluasa. Níl cead aon seodra eile a chaitheamh.*

3.Guidelines Regarding Behaviour in School – School Rules

General School Rules

- *Irish is the language of communication, interpersonal relationships, and teaching, except during English lessons*
- *We show respect for ourselves and for each other*
- *We are kind and try to help each other*
- *We always show courtesy and good manners and we are always honest*
- *We show respect for our own belongings and for other's belongings*
- *We show respect for other pupils and their learning*
- *We immediately follow directions from staff members*
- *We walk quietly in the building*
- *We use respectful methods when solving problems and disagreements*
- *We ask permission to leave the classroom/group/yard/school*

- *We always try our best*
- *We wear our school uniform with pride*
- *We bring our drink to school in a plastic bottle. We never take a glass bottle to school. We never take any item to school that could harm another person or that is unsuitable for a primary school setting.*
- *We may wear an ordinary watch that displays the time (see the school's Mobile Phone & Smart Device Policy for rules on smart watches). We may wear a single stud earring in each ear. No other jewellery is permitted to be worn.*

Rialacha ranga

Is gá meas a léiriú i gcónaí. Ní ghlacfar le hiompar a léiríonn drochmheas ar a chéile nó ar bhall foirne (m.sh. dúshlán, aisfhreagairt). Is gá go mbeidh meas ag daltaí ar chearta foghlama gach dalta sa scoil. Ní ghlacfar le hiompar a thagann salach ar chearta foghlama daltaí eile (m.sh. cur isteach leanúnach ar obair an ranga).

Ag tús na scoilbhliana, socróidh gach múinteoir liosta rialacha ranga lena rang féin, bunaithe ar rialacha ginearálta na scoile. Coinneofar an liosta seo gonta agus ábharthach, agus é ar mhaithe le sláinte, sábháilteacht agus leas phobal na scoile. Sa mhéad is gur féidir, beidh béim ar dhea-iompar (m.s. “Siúil”, in áit “Ná bí ag rith.”) Cuirfear na rialacha sin i gcrích ar bhealach cothrom agus comhleanúnach, ag tabhairt aois na ndaltaí agus difríochtaí aonair san áireamh. Sa chás go mbíonn deacrachtaí ag daltaí maidir le cloí le rialacha ranga, rachfar i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí go luath.

Is iad bunrialacha na ranganna ná:

1. Labhair as Gaeilge i gcónaí, seachas i rith cheachtanna Béarla
2. Bí béasach i gcónaí
3. Déan do dhícheall agus tabhair seans do gach duine amhlaidh a dhéanamh
4. Cuir suas do lámh chun caint agus éist leis an té a bhíonn ag caint
5. Tabhair aire do do mhaoín agus do mhaoín an ranga
6. Déan cinnte go bhfuil tú sábháilte agus cinntigh go bhfuil an áit sábháilte do chách
7. Lean nósanna ranga agus treoir foirne
8. Fág fearais leictreonacha/fón póca/uaireadóir cliste i bhfolach sa mhála scoile agus múchta fad is atá tú ar láthair na scoile (féach an Polasaí Fón Póca & Gléas Cliste).

Class Rules

Respect must be shown at all times. Behaviour that is disrespectful to others or to staff members will not be accepted (e.g. challenging, answering back). Pupils must respect all other pupils' right to learn. Behaviour which conflicts with this right to learn will not be accepted (e.g. continuous interrupting of the class work).

At the beginning of the schoolyear, each teacher will arrange a list of class rules for his/her own class, which will be based on the general school rules. This list will be kept short and relevant, and for the health, safety and welfare of the school community. In so far as possible, this list will emphasise good behaviour (e.g. “Walk” as opposed to “Do not run.”) These rules will be implemented in a fair and continuous manner, with the age of the pupils and individual differences in mind. In instances where a pupil has difficulty adhering to the class rules, the parents/guardians will be contacted early on.

The basic class rules are:

1. Always speak in Irish, except during English lessons
2. Always be polite

3. *Always do your best and allow everyone else to do likewise*
4. *Put your hand up to speak and listen to the person who is speaking*
5. *Take care of your own belongings and of the class property*
6. *Make sure you are safe and that the place is safe for everyone*
7. *Follow class procedures and staff directions*
8. *Electronic devices/mobile phones/smart watches will be kept out of site in the school bag and switched off while on the school premises (see Mobile Phone & Smart Device Policy).*

Rialacha an Chlóis

Ba chóir do dhaltáí caitheamh le daltaí eile mar ba mhaith leo a chaithfí leo féin. Ní cheadaítear aon iompar a chuireann daoine i mbaol nó a chuireann as do dhaoine eile. Ní ghlacfar le hiompar garbh, m.sh. troid, ciceáil, caitheamh seile, nó brú. Cuirfear stop agus/nó cosc ar chluichí nó ar ghníomhaíochtaí a bhraithear le bheith contúirteach.

Ní cheadaítear aon iompar a chuireann as do shúgradh dhaltáí eile. Ní féidir le daltaí an clós a fhágáil gan chead ón múinteoir féitheoireachta, ag filladh ar an scoil san áireamh.

Is iad bunrialacha na hamanta sosa/lóin ná:

1. Ná fág an clós gan cead ón múinteoir féitheoireachta
2. Bí ag spraoi go sábháilte agus go cothrom. Tá cosc ar iompar garbh
3. Labhair as Gaeilge i gcónaí
4. Coinnigh an clós agus timpeallacht na scoile glan
5. Fág lón agus bréagáin sa seomra ranga
6. Léirigh meas ar spás pearsanta dhaoine eile
7. Bíodh meas agat ar mhaoin scoile
8. Lean treoir foirne láithreach
9. Téigh sa líne go tapaidh agus go socair. Fág agus fill ar an seomra ranga go socair
10. Ar laethanta fliuche, fan sa rang agus lean treoir an mhúinteora

Yard Rules

Pupils should treat other pupils as they themselves would wish to be treated. Any behaviour that interferes with another person, puts them in danger, or upsets them is not permitted. Rough behaviour will not be accepted, e.g. fighting, cicking, spitting, or pushing. Any games or activities that are deemed to be dangerous will be stopped and/or prohibited.

Any behaviour that interferes with other pupils' play is not permitted. Pupils are not permitted to leave the yard without the supervising teacher's permission, including returning to the school building.

The basic rules for break/lunch times are:

1. *Do not leave the yard without the permission of the supervising teacher*
2. *Play safely and fairly. Rough play is not prohibited*
3. *Always speak in Irish*
4. *Keep the yard and the school environment clean*
5. *Leave lunch and toys in the classroom*
6. *Show respect for others' personal space*

7. *Show respect for school property*
8. *Follow staff directions immediately*
9. *Go to the line quickly and calmly. Leave and return to the classroom calmly*
10. *On wet days, stay in the classroom and follow the teacher's directions.*

Iompar i dtimpeallacht na scoile, le linn imeachtaí iar-scoile & ar thurais scoile

Is gá meas a léiriú ar dhaoine eile i gcónaí. Tá cosc iomlán ar dhrochtheanga. Ní cheadaítear íde béil nó ionsaí corpartha ar aon duine. Caithtear le bulaíocht nó le himeaglú dhaoine eile mar mhí-iompar tromchúiseach. Ba chóir do dhaltaí meas a léiriú ar mhaoin scoile an t-am ar fad. Ar mhaithe le sábháilteacht agus chun timpistí a sheachaint, ba chóir do dhaltaí bogadh ó áit go háit ar bhealach socair cúramach i gcónaí.

Nuair a bhíonn daltaí rannpháirteach in imeachtaí iar-scoile nó ar thurais scoile, seasann rialacha ginearálta na scoile agus táthar ag súil go gcloífar leo ina n-iomláine. Is cóir do dhaltaí treoir foirne a leanúint i gcónaí. Spreagtar daltaí le meas a léiriú ar a chéile ar an mbealach chuig agus ón scoil.

Behaviour in the school environment, during after-school activities & on school tours

Respect must be shown to others at all times. Bad language is completely forbidden. Giving out to, or physical attack on another is not permitted. Bullying or intimidation of others is treated as serious misbehaviour. Pupils should show respect for school property at all times. In the interests of safety, and to avoid accidents, pupils should move about in a calm and careful manner at all times.

When pupils are participating in after-school activities or school tours the normal school rules apply and pupils are expected to fully comply with them. Pupils must comply with staff directions at all times. Pupils are encouraged to show respect on their way to and from the school.

4. Straitéisí Chun Dea-Iompar a Spreagadh agus a Chur Chun Cinn

Mar chuid d'fhís Ghaelscoil na gCloch Liath táimid ag iarraidh go mbainfidh ár ndaltaí barr a gcumais amach agus go n-ullmhófar iad d'oideachas breise agus d'fhoghlaim fad saoil. Glacaimid leis go bhfuil iliomad saghas éirime ann agus go mbaineann daltaí éagsúla leas as bealaí éagsúla chun foghlama. Teastaíonn ón gcóras molta againne spreagadh a thabhairt do gach dalta, is cuma cad iad na buanna nó na dúshláin dá bhfuil acu go pearsanta. Déanfar na daltaí a spreagadh, a mholadh agus cluas éisteachta a thabhairt dóibh.

Bíonn córas molta aonair ag gach múinteoir ranga m.sh. Class Dojo, leabhrán stampaí, córas na réaltaí, nó eile. Tuilltear moladh trí chloí le caighdeáin na scoile, trí iarracht leanúnach a dhéanamh agus trí ghaiscí pearsanta araon. Moltar iompar agus éacht oibre araon. Tugtar moladh agus aitheantas don iarracht, ní don ghaisce amháin.

Seo a leanas roinnt samplaí de chuid de na bealaí molta & spreagtha a bhíonn in úsáid againn:

- Focal nó gníomhartha ciúin chun dea-mheas agus sásamh a léiriú
- Nóta beag dearfach sa chóipleabhar nó sa dialann obair bhaile
- Moladh ó mhúinteoir eile nó moladh ón bpríomhoide (cuairt chuig múinteoir eile/Oifig an Phríomhoide)
- Focal molta os comhair grúpa nó ranga
- Freagracht speisialta nó príobhléid faoi leith m.sh. teastas, pas obair bhaile, captaen/ceannaire, srl.
- Focal molta le tuismitheoir/caomhnóir (ó bhéal nó scríofa)
- Aitheantas scoile, m.sh. ticéad Gaeilge, Dalta na Seachtaine/Teasta Oibre, Gaeilgeoir na Seachtaine, Gaeilgeoirí na Míosa/Cóisir na Gaeilge, Cárta Glas (dea-iompar/béasaí/iarracht/Gaeilge), pas obair bhaile, duais bheag, bualadh bos sa rang, sa chlós nó ag an tionóil scoile.

4.Strategies for the Encouragement and Promotion of Good Behaviour

As part of Gaelscoil na gCloch Liath's vision we want all our pupils to achieve their full potential and to prepare them for further education and life-long learning. We acknowledge that there are many different types of ability and that different pupils will learn in different ways. We want, through our rewards system, to provide encouragement each pupil, regardless of his/her personal talents or challenges. The pupils will be encouraged, praised and heard.

Each teacher has their own rewards system, e.g. Class Dojo, stamps, star charts, or other. Rewards are earned by complying with the school standard, and through continuous effort and personal achievements. Both behaviour and work achievements are praised. Praise and recognition are given for the effort, not just for the actual achievement.

Below are some examples of rewards and encouragements that we use:

- A quiet word or act to show satisfaction
- A small positive note in a copy or in the homework diary
- Praise from another teacher or from the principal (a visit to another teacher/to the Principal's Office)
- Praise in front of a group or class
- A special privilege or responsibility, e.g. a certificate, homework pass, captain/leader, etc.

- *A word of praise with the parent/guardian (oral or written)*
- *School recognition, e.g. Irish ticket, Pupil of the Week/Work Certificate, Gaeilgeoir of the Week. Gaeilgeoirí of the Month/Irish Party, Green Card (good behaviour/manners/effort/Gaeilge), homework pass, a small prize, a clap in front of the class, in the yard, at the school assembly.*

5. Iompar Mí-Chuí

Aithnítear trí chinéal drochiompar: Mion-drochiompar, Drochiompar agus Drochiompar Tromchúiseach. Déanann an múinteoir ranga, nó an múinteoir féitheoireachta ar an gclós, deileáil le mion-drochiompar laethúil. I gcásanna de mhion-drochiompar leanúnach, déanfar teagmháil luath leis an tuismitheoir/gcaomhnóir agus iarrfar orthu teacht chun cruinnithe leis an múinteoir ranga nó leis an bpríomhoide chun drochiompar an dalta a phlé.

I measc roinnt shamplaí de mhion-drochiompar, tá (ní liostsa uileghabhálach é seo):

- Fearais leictreonacha, gutháin phóca, uaireadóir cliste á dtabhairt ar shuíomh na scoile gan an fhoirm ceadaithe ón bPolasaí Fón Póca & Gléas Cliste a bheith sínithe roimhré, agus gan iad a bheith múchta agus coinnithe sa mhála scoile.
- Gan an éide scoile cheart a chaitheamh
- Iompar a chuireann isteach ar theagasc agus ar fhoghlaim
- Ag ithe guma coganta
- Gan obair bhaile a dhéanamh
- Bréaga a insint
- Ag labhairt as Béarla
- Gan treoir a leanúint

I measc roinnt shamplaí de dhrochiompar, tá (ní liostsa uileghabhálach é seo):

- Iompar atá nimhneach (bulaíocht, cur isteach, leithcheal, íospáirt, agus ciníochas san áireamh)
- Iompar droch-bhéasach nó dímheasúil
- Drochtheanga a úsáid
- Iompar a chuireann isteach ar theagasc agus ar fhoghlaim go leanúnach
- Ag labhairt as Béarla go leanúnach
- Dochar do mhaoin
- Goid

I measc roinnt shamplaí de dhrochiompar tromchúiseach, tá (ní liosta uileghabhálach é seo):

- Leanúint le mion-dhrochiompar nó le drochiompar (in ainneoin idirghabháil agus smachtbhannaí a bheith leagtha cheana)
- Bagairt nó gortú corpartha ar dhuine eile
- Fágáil na scoile/imeachtaí scoile gan cead
- Ionsaí ar bhall foirne nó ar dhalta eile
- Fearais chontúirteach a thabhairt ar scoil
- Goid thromchúiseach

- Dochar tromchúiseach do mhaoin
- Bulaíocht leanúnach (in ainneoin idirghabhála)
- Drugaí, deochanna alcólacha, tobac nó toitíní, toitíní leictreonacha nó fearas vápála ar bith, nó aon uilris nach bhfuil feiliúnach do shuíomh bunscoile a thabhairt ar scoil

5. Inappropriate Behaviour

Three types of misbehaviour are recognised: Minor Misbehaviour, Misbehaviour, and Serious Misbehaviour. The class teacher, or the supervising teacher on the yard, deals with day to day minor misbehaviour. In cases of continuous minor misbehaviour contact will be made with the parent/guardian early on and they will be asked to attend a meeting with the class teacher or the principal to discuss the pupil's misbehaviour.

Some examples of minor misbehavior include (this is not an exhaustive list):

- *Bringing electronic devices, mobile phones, smartwatches onto the school site without first having a signed permission form from the Mobile Phone & Smart Device Policy, and without switching the devices off and keeping them within the school bag.*
- *Not wearing the correct school uniform*
- *Behaviour that disrupts teaching and learning*
- *Eating chewing gum*
- *Not doing homework*
- *Telling lies*
- *Speaking in English*
- *Not following directions*

Some examples of misbehavior include (this is not an exhaustive list):

- *Behaviour that is nasty (including bullying, interfering, discrimination, victimization, and racism)*
- *Behaviour that is bad mannered or disrespectful*
- *Using bad language*
- *Behaviour that continually disrupts teaching and learning*
- *Continually speaking English*
- *Damage to property*
- *Theft*

Some examples of serious misbehavior include (this is not an exhaustive list):

- *Continuing with minor misbehavior or misbehavior (despite interventions and sanctions being implemented already)*
- *Threatening or physically injuring another person*
- *Leaving the school/school activities without permission*
- *An attack on a member of staff or on another pupil*
- *Bringing dangerous items to school*
- *Serious theft*
- *Serious harm to property*
- *Continuous bullying (despite interventions)*

- *Bringing any drugs, alcoholic drinks, tobacco or cigarettes, electronic cigarettes or vaping products, or any implement that is not suitable for a primary school setting to school.*

Bulaíocht

Iompar diúltach neamhiarrtha is ea bulaíocht, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch/mothúchánach, nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar **arís is arís eile**.

- CORPARTHA: ina measc tá brú, soncáil, bualadh, ciceáil, priocadh, tuisliú
- Ó BHÉAL: ag gaoch ainmneacha a ghortaíonn, a ghoilleann nó a náiríonn
- MOTHÚCHÁNACH: bagairtí nó ráitis nimhneacha leanúnacha maidir le nithe íogaire m.sh. cuma, éadaí, dul chun cinn, dath craicinn, cultúr nó míchumas; aonrú nó seachaint daoine eile; bagairt chun airgead nó maoin a bhaint; cibear - bhulaíocht

Déanann an scoil chuile iarracht idirghabháil luath a dhéanamh ag freagairt do bhuairt, do riachtanais agus d'inní dhaltaí aonair ar bhealach tuisceanach íogaireach.

Déantar deileáil le hábhar na bulaíochta go minic i rith na bliana mar chuid de cheachtanna OSPS agus ag baint úsáide as modh na drámaíochta nó Am Ciorcail srl.

Má bhíonn buairt ag tuismitheoir/caomhnóir ag pointe ar bith, tá na múinteoirí cuí sásta bualadh leo. Is cóir cruinniú a lorg tríd na bealaí cuí .i. gaoch chun na hoifige nó nóta a chur chuig an múinteoir ranga chun coinne a shocrú. **Ba chóir teagmháil a dhéanamh leis an múinteoir ranga i dtosach báire.** Sa chaoi seo, déantar cinnte go gcaitheadar leis an uile bhuairt ar bhealach uasal, fhiúntach gan cur isteach ar am luachmhar teagaisc.

CÉ NACH nGLACFAR LEO, NÍ BULAÍOCHT IAD EACHTRAÍ AONUAIRE DE DHROCHIOMPAR.

Bullying

*Bullying is unwanted negative behaviour – verbal, psychological/emotional, or physical, conducted by an individual or a group against another person or persons and which is **repeated over time**.*

- *PHYSICAL: this includes pushing, shoving, hitting, kicking, pinching, tripping*
- *VERBAL: this includes name-calling which is hurtful, afflicts or shames*
- *EMOTIONAL: continual threats or nasty comments regarding sensitive matters, e.g. appearance, clothes, progress, skin colour, culture or disability; isolating or avoiding others; threats of taking money or property, cyber-bullying.*

The school makes every effort at early intervention to address the concerns, needs and worries of pupils in an understanding and sensitive manner.

The subject of bullying is dealt with regularly during the year as part of SPHE lessons and

using methods such as drama or circle time, etc.

*If any parent/guardian has a concern at any time, the relevant teachers are happy to meet with them. Meetings should be arranged through the appropriate channels, ie a phone call to the office, a note to the class teacher. **Contact should be made in the first instance with the class teacher.** In this way it is ensured that all concerns are dealt with in an appropriate and worthwhile manner, without disrupting valuable teaching time.*

EVEN THOUGH THEY ARE NOT ACCEPTABLE, ONE OFF INCIDENTS ARE NOT BULLYING.

6. Smachtbhannaí

An phríomhaidhm atá le smachtbhannaí ná iompar a athrú trí:

- chabhrú le daltaí tuiscint a fháil go bhfuil an drochiompar do-ghlactha
- chabhrú le daltaí tionchar a ngníomhartha agus a n-iompar ar dhaoine eile a fheiceáil
- thuiscint a thabhairt do dhaltaí (ar bhealach oiriúnach dá n-aois agus dá bhforbairt) go bhfuil rogha acu i leith a n-iompar féin agus go mbíonn torthaí ag baint leis na roghanna sin
- fhreagracht as a n-iompar féin a leagadh ar dhaltaí

Anuas orthu siúd, is féidir le smachtbhanna:

- teoranna a leagtar síos sa chód iompair a dhaingniú
- léiriú do dhaltaí eile agus do bhaill foirne go bhfuil a leas á chosaint

I gcásanna dhrochiompar nó drochiompar tromchúiseach, beidh smachtbhannaí de dhíth chun:

- cur isteach tromchúiseach ar theagasc agus ar fhoghlaim a sheachaint
- an dalta féin agus/nó daoine eile a choinneáil slán sábháilte

Seo a leanas na céimeanna a thógfair i gcásanna drochiompair. Ní liosta uileghabhálach é seo. Is féidir le múinteoirí smachtbhannaí malartacha a chur i bhfeidhm ag brath ar chúinsí an drochiompair. Bainfidh an smachtbhanna chomh gar leis an drochiompar agus is féidir. Is í príomhaidhm gach smachtbhanna ná bac a chur ar aththarlúint an drochiompair agus straitéisí a thabhairt do dhaltaí ina leith seo, más gá. I gcás drochiompair nó drochiompar tromchúiseach, is féidir an dalta a chur díreach chuig an bPríomhoide.

- Labhairt leis an dalta
- Foláireamh a thabhairt agus comhairle a chur orthu
- Baint shealadach ón ngrúpa ranga sa seomra ranga agus/nó bogadh sealadach go seomra ranga eile.
- Ar an gclós, baint sealadach trí sheasamh ag an sconsa.
- Am amach ag an sconsa ag am sosa/lóin. Baint ón gclós ar feadh tréimhse le suí san fhorhalla.
- Teagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí - nóta scríofa nó glaoch gutháin
- Obair bhreise – ar scoil, don obair bhaile nó ag an deireadh seachtaine. Le síniú ag tuismitheoirí/caomhnóirí
- Baint pribhléidí m.sh. am órga, seisiún breise spóirt, freastal ar imeacht scoile
- Cur ar aghaidh chuig an bPríomhoide
- Príomhoide ag dul i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí

- Fionraí nó Díbirt ón scoil (de réir Rial 130 de Rialacha do Scoileanna Náisiúnta mar a leasaítear le ciorcláin agus an tAcht Oideachais (Leas) 2000)

6. Sanctions

The main aim of sanctions is to change behaviour through:

- *helping pupils to gain an understanding that misbehaviour is unacceptable*
- *helping pupils to see that their actions and behaviour have an effect on others*
- *giving pupils an understanding (in a manner that is both age-appropriate and appropriate for their level of development) that they have a choice in relation to their own behaviour and that there are consequences to those choices*
- *placing responsibility for their own behaviour on pupils*

In addition to the above, sanctions can also:

- *reinforce limits set out in the code of behaviour*
- *show other pupils and members of staff that their wellbeing is protected.*

In cases of misbehavior or serious misbehavior, sanctions will be necessary to:

- *avoid serious disruption of teaching and learning*
- *keep the pupil and/or others safe.*

Below are the steps that will be taken in cases of misbehaviour. This is not an exhaustive list. Teachers may impose alternative sanctions depending on the circumstances of the misbehaviour. The sanctions will relate as closely as possible to the misbehaviour. The main aim of all sanctions is to prevent misbehaviour happening again and to give the pupils strategies in this regard, where necessary. In the case of misbehaviour or serious misbehaviour, the pupil may be sent directly to the Principal.

- *Talk to the pupil*
- *Give a warning and advise the pupil*
- *Temporary removal from the group in the classroom and/or move temporarily to another classroom.*
- *On the yard, temporary removal by standing aside at the fence.*
- *Time out at the fence during break times. Removal from the yard to sit in the foyer.*
- *Contact with parents/guardians – written note or a telephone call.*
- *Additional work – at school, for homework or at the weekend. To be signed by the parents/guardians.*
- *Removal of privileges, e.g. golden time, extra session of sport, attendance at a school event.*
- *Being sent to the Principal*
- *Principal contacting the parents/guardians*
- *Suspension or expulsion (in accordance with Rule 130 of Rules for National Schools, and as amended in the circular and the the Education (Welfare) Act 2000).*

7. Fionraí & Díbirt

Sula gcuirtear smachtbhannaí tromchúiseacha ar nós fionraí agus díbirt i bhfeidhm, leanfar na gnáth-nósanna cumarsáide le tuismitheoirí/caomhnóirí. Is féidir leis an gcumarsáid seo a bheith ó bhéal nó i scríbhinn, ag brath ar chuinsí an cháis.

Do chásanna drochiompair tromchúiseach nó drochiompar leanúnach, is féidir fionraí a chur i bhfeidhm. Iarrfar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí teacht chun na scoile chun cás a bpáiste a phlé. Glacfar le hiompar ionsaitheach, bagarthach nó foréigeanach mar dhrochiompar tromchúiseach.

I gcásanna ina mbíonn drochiompar leanúnach, cuirfear sin in iúl do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta agus iarrfar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí (i scríbhinn) freastal ar chruinniú leis an bpríomhoide agus le Ball an Bhoird. Muna mbíonn thuismitheoirí/caomhnóirí sásta gealltanais a thabhairt go n-iompróidh an dalta iad féin ar bhealach cuí as sin amach, is féidir an dalta sin a chur ar fionraí ar feadh tréimhse. Roimh an tréimhse fionraíochta, rachaidh an príomhoide i gcomhairle leis an bhfoireann faoi iar-thaifid dhrochiompair an dalta, pátrúin agus comhthéacsanna an drochiompair, smachtbhannaí agus idirghabháil eile a ndearnadh agus torthaí orthu siúd chomh maith le haon eolas ábharthach eile faoin dalta. Déanfar an fionraíocht a chur i bhfeidhm de réir Rialacha do Scoileanna Náisiúnta agus An Acht Oideachais (Leas) 2000.

I gcás drochiompair atá tromchúiseach, nuair is gá ord, smacht, a chur chun tosaigh agus chun sábháilteacht daltaí nó baill foirne a chinntiú, is féidir leis an mBord Bainistíochta cead a thabhairt don Chathaoirleach nó don Phríomhoide fionraíocht láithreach a chur i bhfeidhm. Le linn an tréimhse sin, nach mairfidh níos faide ná trí lá scoile, reachtálfar cruinniú le thuismitheoirí/caomhnóirí an dalta.

I gcásanna tromchúiseacha thar cuimse, is féidir dalta a dhíbirt ón scoil, ag rith le Rialacha do Scoileanna Náisiúnta agus an Acht Oideachais (Leas), 2000. Roimh dhalta a chur ar fionraí nó a dhíbirt ón scoil, cuirfidh an Bord Bainistíochta an cinneadh in iúl do Thusla, de réir Rannóg 24 den Acht Oideachais (Leas), 2000.

Deireadh na Fionraíochta (Ath-insealbhú)

Tar éis nó i rith tréimhse fionraíochta, is féidir le thuismitheoirí/caomhnóirí iarratas a dhéanamh ar an scoil an dalta a ath-insealbhú. Is gá do thuismitheoirí/chaomhnóirí gealltanais a thabhairt don scoil go n-iompróidh an dalta é/í féin de réir chód iompair na scoile. Is gá go mbeidh an príomhoide sásta nach mbeidh tionchar diúltach ag ath-inshealbhú an dalta sin ar a s(h)ábháilteacht féin nó sábháilteacht na ndaltaí eile nó sábháilteacht na foirne. Cuirfear plean iompair le chéile don dalta, más gá, agus ansin glacfar leis an dalta ar ais sa scoil.

7. Suspension & Expulsion

Before serious sanctions such as suspension and expulsion are imposed, the normal channels of communication with parents/guardians will be followed. This communication may verbal or in writing, depending on the circumstances of the case.

In cases of serious misbehaviour or of continuous misbehaviour, suspension may be imposed. Parents/guardians will be requested to come to the school to discuss the child's case. Behaviour that is aggressive, threatening, or violent will be deemed as serious misbehavior.

In cases where there is continuous misbehavior, the Chairperson of the Board of Management will be informed and the parents/guardians will be requested (in writing) to attend a meeting with the Principal and a member of the Board. If the parents/guardians are not prepared to give an undertaking that the pupil will change his/her behaviour in an acceptable manner from then onwards, the pupil may be suspended for a period. Prior to the period of suspension, the Principal will consult with the staff regarding past records of the pupil's misbehavior, patterns

and contexts of the misbehavior, sanctions and interventions imposed and the results of those, as well as any other relevant information on the pupil. The suspension will be imposed in accordance with the Rules for National Schools and the Education (Welfare) Act 2000.

In cases where the misbehavior is serious, where it is necessary to prioritise order and discipline and to ensure the safety of pupils and staff members, the Bord of Management permits the Chairperson or the Principal to impose immediate suspension. During this period, which will not be longer than three school days, a meeting will be arranged with the parents/guardians of the pupil.

In cases that are extremely serious, the pupil may be expelled from the school, as per the Rules for National Schools and the Education (Welfare) Act 2000. Before a pupil is suspended or expelled the Board of Management will notify Tusla of its decision, in accordance with Section 24 of the Education (Welfare) Act 2000.

End of Suspension (Re-instatement)

After or during the period of suspension, parents/guardians may request the school to reinstate the pupil. Parents/guardians must give an undertaking to the school that the pupil will conduct him/herself in accordance with the school's code of behaviour. The Principal must be satisfied that the reintegration of the pupil will not have a negative impact on the safety of pupils or staff. A behaviour plan will be put together for the pupil, where necessary, and the pupil will be accepted back into the school.

8. Daltaí Le Riachtanais Speisialta Oideachais

Is gá do dhaltaí uile na scoile cloí le cód iompair na scoile. Aithníonn an scoil, áfach, go mbeidh tacaíocht de dhíth ar dhaltaí áirithe le riachtanais speisialta oideachais chun tuiscint a fháil ar chuid rialacha. Cuirfear pleananna iompair le chéile i gcomhar le múinteoirí ranga, múinteoirí RSO, cúntóirí riachtanais speisialta agus tuismitheoirí/caomhnóirí chun an tacaíocht chuí a sholáthar do na daltaí sin. Tógfar dúshlán aonair an dalta san áireamh i gcónaí. Beidh an-luach le tuairiscí agus le moltaí ó shiceolaithe sa phróiseas seo chomh maith.

Múinfear straitéisí do dhaltaí eile an ranga ina bhfuil an dalta le riachtanais speisialta oideachais chun tacaíocht a thabhairt dóibh agus tacaíocht phiara a chur chun cinn. Déanfar é seo ar bhealach tacúil, feiliúnach agus sábháilte, ag aithint difríochtaí aonair.

8. Pupils with Special Educational Needs

All pupils must comply with the school's code of behaviour. The school recognises, however, that certain pupils with special educational needs will require support to understand some rules. Behaviour plans will be put in place in collaboration with the class teacher, the SET teacher, the special needs assistants and the parents/guardians so that the appropriate level of support for that pupil can be provided. The individual challenges of the pupil will always be taken into account. Reports and recommendations from psychologists will also be of great importance in this process.

Strategies will be taught to other pupils in the class in which the pupil with special educational needs is to support them in promoting peer assistance. This will be done in a supportive, appropriate, and safe manner, recognising individual differences.

9. Cumarsáid Le Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Tá cumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí ag croílár an chur chuige dearfach seo i leith iompair. Ba chóir do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí straitéis chomhoibritheach a fhorbairt, agus dearcadh comhoibritheach a chothú gur féidir a chur i bhfeidhm sa bhaile agus ar scoil.

Tá comhoibriú agus cumarsáid oscailte ríthábhachtach chun dea-iompar a chur chun cinn sa scoil. Tá go leor bealaí ann chun an chumarsáid idir fhoireann na scoile, daltaí agus tuismitheoirí/caomhnóirí a dhaingniú agus déantar athbhreithniú ar na bealaí cumarsáide seo go minic.

Moltar do thuismitheoirí/chaomhnóirí labhairt le múinteoirí go rúnda faoi eachtraí móra i saol na ndaltaí (eachtraí reatha nó eachtraí roimhré), a mbeadh tionchar acu ar iompar an dalta sin ar scoil.

Seo a leanas cuid de na bealaí cumarsáide ar scoil:

- Cumarsáid (neamh) fhoirmiúil idir mhúinteoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí
- Dialanna obair bhaile na ndaltaí
- Leabhráin chumarsáide mar chuid de phlean iompair
- Litreacha/nótaí/r-phoist ón scoil chuig tuismitheoirí/caomhnóirí nó a mhalairt
- Cruinniú idir tuismitheoir/caomhnóir agus an múinteoir ranga/múinteoir oideachas speisialta/an Príomhoide
- Nuachtlitreacha agus suímh idirlín na scoile
- Seirbhís *DataBiz Eolas*.

9. Communication with Parents/Guardians

Communication with parents/guardians is at the heart of this positive approach towards behaviour. Teachers and parents/guardians should develop a collaborative strategy, and foster a collaborative attitude that can be implemented at home and at school.

Collaboration and open communication are vital in promoting good behaviour in the school. There are many ways in which communication between the school staff, the pupils and parents/guardians is conducted and communication methods are regularly reviewed.

It is recommended that parents/guardians speak with the teacher privately regarding major events in the pupil's life (current or past events), that could have an impact on that pupil's behaviour in school.

Below are some of the methods of communication the school uses:

- *(In)formal communication between the teachers and the parents/guardians*
- *The pupil's homework diary*
- *Communication diary as part of a behavior plan*
- *Letters/notes/e-mails from the school to parents/guardians, or vice versa*
- *Meetings between parent/guardian and the class teacher/special education teacher/the Principal*
- *Newsletters and the school website*

- *DataBiz Eolas service.*

10. Tagairtí Do Pholasaithe Scoile Eile

Bíonn an-trasnú idir na polasaithe scoile éagsúla. Seo a leanas na polasaithe go mbeidh tionchar díreach acu ar nó go mbeidh tionchar díreach ag an gCód Iompair orthu:

- Plean OSPA
- Polasaí Frith-bhulaíochta
- Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta
- Polasaí Riachtanais Speisialta Oideachais
- Polasaí Iontrála agus Rannpháirtíochta (Clárúchán)
- Polasaí/Ráiteas Chaomhnú Páistí
- Straitéis um Fhreastal Scoile
- Polasaí Fón Póca & Gléas Cliste

10. References to Other School Policies

Many of the school policies cross over. Below are policies which directly influence the Code of Behaviour, or which the Code of Behaviour influences:

- *SPHE Plan*
- *Anti-Bullying Policy*
- *Health and Safety Statement*
- *Special Education Plan*
- *Enrolment Policy*
- *Child Protection Statement/Policy*
- *School Attendance Statement*
- *Mobile Phone & Smart Device Policy*

11. Athbhreithniú & Faomhadh

Déanfar an polasaí seo a athbhreithniú go rialta ag tógáil san áireamh athruithe dlí nó nithe eile.

Cuireadh an polasaí seo faoi bhráid Bord Bainistíochta Ghaelscoil na gCloch Liath ar an 05/09/2024 agus glacadh leis ar an dáta seo.

11. Review & Approval

This policy will be reviewed regularly, taking into consideration changes in law or other relevant changes.

This policy was submitted to the Board of Management and approved on the 05/09/2024.

Sínithe: _____

Cathaoirleach (*Chairperson*)

Príomhoide (*Principal*)

Nóta curtha leis maidir le ciníochas ar an: *A note was added regarding racism on: 27/11/24*